

15ú Samhain, 2018

IOMRAMH AN CHAMINO (THE CAMINO VOYAGE) – réamhbhlaiseadh oifigiúil agus póstaer seolta do scannán faisnéise inspioráideach Éireannach, a bhfuil a lán gradam buaite aige, a leanann aistear iontach comhaimseartha ráimhaíochta ó Éirinn go dtí Tuaisceart na Spáinne

Scannán le Dónal Ó Céilleachair

Is iomaí cuntas atá i luathstair agus miotaseolaíocht na hÉireann maidir le turais éachtacha trasna na farraige. Faoi anáil inspioráide na gcuntas sin, thug Domhnall Mac Síthigh, scríbhneoir agus file, agus a chriú faoi thuras 500 ciliméadar chuig Mainistir Naomh Colm Cille in Oileán Í na hAlban, sa bhliain 2012.

Agus sa bhliain 2014, chrom siad ar thuras mara nua dásachtach a phleanáil – agus is ag an bpointe seo a thosnaíonn ár scannán faisnéise leo: turas farraige 2,500 ciliméadar ó Éirinn go Santiago de Compostela, a tharla i dtréimhsí 6 seachtaine thar 3 bliana, 2014, 2015, agus 2016.

Ar feadh na gcéadta bliain sheol daoine ó Éirinn go dtí A Coruña i dTuaisceart na Spáinne, nó gur shiúil siad an camino as sin ar aghaidh go Santiago de Compostela. Sa bhliain 2014, thosaigh criú misniúil ar a leagan féin den turas stairiúil seo i Naomhóg, bád traidisiúnta a bhí lámhdhéanta acu féin.

Ag teacht i dtír i mbailte agus sráidbhailte cois cósta ar an mbealach – ag campáil agus ag cócaireacht nuair ba ghá – d'éirigh an criú ildánach seo cairdiúil le mórán daoine, agus b'ábhar iontais dóibh sin an bád seo a raibh an chosúlacht air gur díreach as na meánaoiseanna a tháinig sé.

Chuaigh radharc an bháid bhig seo agus an fharraige mhór mar chúlra taibhseach aige i gcion ar shamhlaíocht na ndaoine ó thús go deireadh an aistir.

D'oscail gach pobal ar bhuail siad leo ar an mbealach a ndoirse agus a gcroíthe don chriú seo, agus lena misneach agus a ndiongbháilteacht intuigthe ag cách, roinn siadsan a scéalta, a gceol, a ndánta agus a gcuid amhrán go fial i ndlúthchaidreamh den chineál is bunúsaí agus is ársa.

Rianaíonn an scannán faisnéise dlúthphearsanta seo cora casta turais farraige, ar theastaigh, i bhfocail Dhomhnaill Mhic Shíthigh, “allas, fuil, agus balscóidí lena chur i gcrích, ach a neartaigh agus a d'athnuaigh cairdeas le daoine ar feadh an ama, agus cruthaitheacht agus spioradáltacht chomh maith céanna”.

San áireamh i gcriú IOMRAMH AN CHAMINO tá Scríbhneoir, beirt Cheoltóirí, Ealaíontóir, agus Saor Cloiche, a thugann faoi Chamino an tsáile i mbád traidisiúnta a thóg siad féin.

Rannpháirteach:

Glen Hansard, Ceoltóir a bhfuil Duais de chuid an Acadaimh buaite aige

Breandán Ó Beaglaoich, Ceoltóir Gaelach iomráiteach

Liam Holden, Ealaíontóir clúiteach

Breandán Ó Muircheartaigh, Saor Cloiche cumasach

& Domhnall Mac Síthigh (1951-2017), Scríbhneoir agus File mór le rá

Stiúrthóir: Dónal Ó Céilleachair

Taispeánfar IOMRAMH AN CHAMINO i bpictiúrlanna ar fud na hÉireann ón 23 Samhain 2018 ar aghaidh

Aicmiú: PG

Fad Reatha: 98 nóiméad

Íomhánna, póstaeir, agus nótaí léiriúcháin ar fáil ag

<http://www.anupictures.com/project/camino/>

Réamhbhlaiseadh ar YouTube

https://youtu.be/Hch8tTU_4iI

I gcomhair sonraí breise nó iarratais ar agallaimh, déan teagmháil le Siobhán Farrell, Eclipse Pictures:

siobhan@eclipsepictures.ie

Teileafón: +353 1 634 0121

TABHAIR DO D'AIRE GUR BHOGAMAR – SEOLADH NUA MAR A LEANAS:

Siobhán Farrell

Eclipse Pictures

The Digital Hub

OneFiveSeven Sráid Thomáis

Baile Átha Cliath 8

Teil: +333 1 634 0121

